Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**10966/25**

**ECOFIN 897**
**UEM 351**
**SOC 464**
**EMPL 321**
**COMPET 645**
**ENV 614**
**EDUC 288**
**ENER 312**
**JAI 932**
**GENDER 141**
**JEUN 172**
**SAN 398**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÉireann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2025) 207 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÉireann**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

**Breithnithe ginearálta**

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais[2] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n- áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t- easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

[2] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (vi) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (‘an tSaoráid’), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-  airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (‘Rialachán REPowerEU’), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir Éire caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

---

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

4 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

(4) An 28 Bealtaine 2021, chuir Éire a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 8 Meán Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann[5] a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 8 Nollaig 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha[6] a thabhairt cothrom le dáta, agus an 21 Meitheamh 2024 chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[7]. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag Éirinn. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar an méid a rinneadh chun na clocha míle agus na spriocanna maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna a bhaint amach.

---

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann (11046/2021).

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann (15965/2023).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 21 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann (10262/2024).

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÉireann[8]. Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2029 agus socraíonn sé srian buiséadach i bhfoirm uasráta fáis glanchaiteachais thar 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na hÉireann 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil Éire ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn- athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[9] an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

---

8 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hÉireann, IO C/2025/667, 10.2.2025.

9 Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

(7) An 29 Eanáir 2025 d’fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t- iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d’aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t- aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta , agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir le hÉirinn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag Éirinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hÉireann ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

**Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn**

(11) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na hÉireann: 5,1 % in 2025, 6,5 % in 2026, 4,9 % in 2027, 5,4 % in 2028 agus 4,7 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 15,4 % in 2025, 22,8 % in 2026, 28,9 % in 2027, 35,8 % in 2028 agus 42,3 % in 2029. An 6 Bealtaine 2025, chuir Éire a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn[10] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hÉireann i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin.

[10] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga.

(13) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat[11], tháinig méadú ar bharrachas rialtais ghinearálta na hÉireann ó bharrachas 1,5 % de OTI in 2023 go barrachas 4,3 % in 2024, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 43,3 % de OTI ag deireadh 2023 go 40,9 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 8,2 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann Éire gurb é 8,0 % an fás glanchaiteachais in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[12], lena n- áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2024.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na hÉireann, tá coinne le fás fíor-OTI 4,1 % in 2025 agus 3,4 % in 2026, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 2,1 % ann in 2025 agus 2026. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 3,4 % in 2025 agus faoi 2,5 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 1,6 % ann in 2025 agus 1,4 % in 2026.

---

11 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

12 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t- athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n- áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 1,5 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le laghdú go 37,7 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 5,3 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh barrachas rialtais ghinearálta 0,7 % de OTI ann in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an mbarrachas in 2025 moilliú ar fhás ioncaim agus leibhéil mhéadaithe éiginnteachta i measc tomhaltóirí agus gnólachtaí, chomh maith leis an easpa ioncaim ard aonuaire a chonacthas in 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 6,7 % in 2025. Is é is cúis leis na réamh-mheastacháin sin maidir le fás glanchaiteachais a bheith níos airde ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn fás caiteachais reatha níos láidre arna mheas ag an gCoimisiún, lena n-áirítear toimhdí éagsúla maidir le tionchar buan an phacáiste 'costas maireachtála' tar éis 2024 a fógraíodh i mBuiséad 2025. Is mar gheall ar dhifríochtaí sna toimhdí maicreacnamaíocha foluiteacha, chomh maith le fás caiteachais reatha níos láidre arna mheas ag an gCoimisiún, atá difríocht idir an comhardú rialtais ghinearálta atá réamh-mheasta ag an gCoimisiún agus ag Éirinn. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí neodrach in 2025. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go 38,6 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2025 an barrachas rialtais réamh-mheasta, chomh maith leis an difreálach fáis rátaí úis fabhrach, arna cheartú le haghaidh coigeartuithe suntasacha sreafa i leith stoic.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas níos lú ná 0,1 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le níos lú ná 0,1 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na hÉireann.

(17) D’fhan caiteachas cosanta rialtais ghinearálta in Éirinn cobhsaí ag 0,2 % de OTI idir 2021 agus 2023[13]. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfanfaidh an caiteachas cosanta cobhsaí ag 0,2 % de OTI in 2024 agus 2025. Comhfhreagraíonn sé sin d’athrú ar bith i gcomparáid le 2021.

(18) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas in Éirinn faoi 6,7 % in 2025 agus gur fás carnach 15,5 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na hÉireann in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall[14] 0,3 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall níos lú ná 0,1 % de OTI. Tá an diall réamh-mheasta beagán níos mó ná an tairseach 0,3 % de OTI le haghaidh an diallta bhliantúil ach ní sháraíonn sé an tairseach 0,6 % de OTI le haghaidh an diallta charnaigh. Ar an iomlán, ciallaíonn sé sin go bhfuil riosca diallta ann ón bhfás glanchaiteachais uasta a mholtar, nuair a bheidh sonraí olltoraidh le haghaidh 2025 ar fáil san earrach seo chugainn.

---

13 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d’fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

14 Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

(19) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 1,0 % de OTI in 2026, agus réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 35,9 % faoi dheireadh 2026. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún barrachas rialtais ghinearálta 0,1 % de OTI in 2026. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an mbarrachas in 2026 an toimhde maidir le fás measartha ioncaim agus fás láidir leanúnach ar chaiteachas. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 6,2 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí neodrach den chuid is mó in 2026. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go 38,2 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2026 an difreálach fáis rátaí úis fabhrach, arna cheartú le haghaidh coigeartuithe suntasacha sreafa i leith stoic.

**Príomhdhúshláin bheartais**

(20) Tá airgeadas poiblí na hÉireann faoi réir rioscaí suntasacha toisc go bhfuil a hioncam cánach comhchruinnithe go mór ar líon measartha beag cuideachtaí ilnáisiúnta atá faoi úinéireacht eachtrach. Tá fáltais ó cháin chorparáide, ar tháinig níos mó ná dúbailt orthu ó bhí 2019 ann agus arbh é a luach EUR 28,1 billiún (19 % d'ioncam an rialtais) in 2024, neamhchosanta go háirithe. In 2023, ba ó 10 gcuideachta mhóra a fuarthas níos mó ná leath de na fáltais sin. Thairis sin, measann na húdaráis gur 'amhantar' é leath den ioncam ó cháin chorparáide agus gur ioncam de chineál an-neamhchinnte é. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh forbairtí idirnáisiúnta amhail athruithe ar bheartas trádála agus cánach na Stát Aontaithe nó ar an timpeallacht chánach dhomhanda tionchar suntasach a imirt ar chobhsaíocht ioncam na hÉireann. Cuireadh an Ciste um Éire sa Todhchaí agus an Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra ar bun chun ioncam amhantair a dhíriú i dtreo cuspóirí caiteachais níos fadtéarmaí. Thairbheodh Éire d'athléimneacht a hairgeadais phoiblí a mhéadú trína foinsí ioncaim a éagsúlú. Chuige sin, d'fhéadfadh Éire an toradh ó chánacha ar chaipiteal agus ar rachmas a mhéadú, athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas cánach nach mbaineann an leibhéal athdháilte inmhianaithe nó cuspóirí eile amach go héifeachtach, nó feabhas a chur ar an gcaoi a dtacaíonn an córas cánach le cuspóirí comhshaoil. Ó thaobh an chaiteachais de, tá ábhair imní fós ann maidir le tionchar chostéifeachtacht an chórais cúraim sláinte ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí. Faoi 2070, meastar go dtiocfaidh méadú 1,5 pointe céatadáin, mar chéatadán de OTI, ar chaiteachas na hÉireann ar chúram sláinte poiblí, mar thoradh ar aosú an daonra, méadú atá i bhfad os cionn an mhéadaithe réamh-mheasta ar an meán san Aontas, is é sin 0,4 pointe céatadáin. Ós rud é go bhfuil an córas cúraim sláinte ag brath an iomarca ar chúram ospidéil costasach, rud atá níos measa mar gheall ar an easpa cumhdaigh cúraim phríomhúil uilíoch, tá deis ann athchóiriú a dhéanamh chun an brú ar ospidéil a mhaolú.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na hÉireann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá rannpháirtíocht chórasach na n- údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) In Éirinn, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá Éire ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. An tráth céanna, tá dúshláin fós le sárú ag Éirinn, lena n- áirítear an gá atá le borradh a chur faoin iomaíochas, go háirithe i réigiún an Iarthuaiscirt atá tite ar gcúl san fheidhmíocht eacnamaíoch, mar aon le héagothromaíochtaí sóisialta maidir le himeascadh grúpaí faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar Éirinn – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025[15], cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

15 Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

(23) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh Éire an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(24) Anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile an Aontais, ba cheart d'Éirinn aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin a bhaineann le taighde agus nuálaíocht, fuinneamh in-athnuaite, bonneagar agus líonraí fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe, bainistiú uisce, an geilleagar ciorclach, tithíocht shóisialta agus inacmhainne, agus cuimsiú grúpaí faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair.

(25) Cuideachtaí ilnáisiúnta is mó is cúis leis an méadú táirgiúlachta in Éirinn, agus tá táirgiúlacht gnólachtaí intíre – fiontair bheaga agus mheánmhéide den chuid is mó – níos ísle i gcomparáid lena macasamhail san Aontas. Léiríonn an méid sin an gá atá le borradh a chur faoin acmhainneacht nuálaíochta intíre. De bharr go bhfuil an-éiginnteacht gheopholaitiúil ann faoi láthair, is ríléir go bhfuil géarghá le geilleagar intíre a thógáil a bheadh níos athléimní, agus níos dírithe ar an nuálaíocht. Tá Éire ar cheann de tíortha is lú san Aontas a chaitheann airgead poiblí ar chúrsaí taighde agus forbartha (T&F), agus gan á chaitheamh aici ar na cúrsaí sin ach 0,2 % de OTI (0,4 % de OIN*). Dá ndéanfaí infheistíocht phoiblí in T&F a leathnú, ní hamháin go neartófaí córas nuálaíochta na hÉireann, ach chothófaí barr feabhais eolaíoch freisin, chuirfí borradh faoin athléimneacht eacnamaíoch, agus thacófaí leis an bhfás fadtéarmach inbhuanaithe. Thairis sin, cuid mhór den tacaíocht rialtais le haghaidh T&F gnó, is creidmheas cánach T&F atá inti. Bíodh agus gur ionstraim thábhachtach é sin maidir le hinfheistíocht T&F ón earnáil phríobháideach a spreagadh, chuirfí tacaíocht níos spriocdhírithe ar fáil do FBManna ach cistiú díreach don taighde agus don nuálaíocht a mhéadú, agus chuirfí borradh faoina gcumas nuálaíochta agus a gcumas rannchuidiú go fóinteach leis an éiceachóras eacnamaíoch i gcoitinne.

(26) Tá Éire fós ag brath ar fhoinsí fuinnimh iontaise. Is dúshlán suntasach é an spleáchas sin i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) foriomlána a laghdú agus sprioc na hÉireann faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a bhaint amach, is é sin astaíochtaí nach dtagann faoin gCóras Trádála Astaíochtaí a laghdú 42 % faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Léiríonn na réamh-mheastacháin astaíochtaí is déanaí nach bhfuil Éire ar an mbóthar ceart chun an sprioc sin a bhaint amach.

(27) Chonacthas go raibh córas leictreachais na hÉireann faoi strus fós in 2024 agus praghsanna miondíola fós i bhfad níos airde ná meán an Aontais. Is éard atá i gceist leis sin go n- íocann gnólachtaí agus tomhaltóirí na hÉireann préimh ar a dtomhaltas leictreachais, agus bíonn tionchar aige sin ar chostais táirgthe agus ar an iomaíochas agus, dá bhrí sin, ar an gcumas cuideachtaí a mhealladh agus a choinneáil. Ós rud é gur féidir le costais arda fuinnimh a bheith ina mbacainn dhíreach ar an bhfás, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na spreagthaí costais a bhaineann le praghsanna miondíola fuinnimh. Ach cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, go háirithe fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, is féidir praghsanna miondíola leictreachais a laghdú, sin agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud atá faoi réir margaí luaineacha. D'fhéadfaí dlús a chur le hinfheistíochtaí breise i gcur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus na hinfheistíochtaí sin a dhreasú, ach cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcreat pleanála agus ceadaithe maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh, saoráidí stórála agus infheistíochtaí san eangach leictreachais.

(28) Chun leas a bhaint as na tairbhí ó thaobh laghdú costas fuinnimh de a eascraíonn as foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid níos mó, tá sé fíor-riachtanach iarrachtaí níos láidre a dhéanamh cur le solúbthacht an chórais leictreachais agus acmhainneacht na heangaí a nuachóiriú agus a leathnú, trí threisithe inmheánacha agus tionscadail trasteorann cuir i gcás, chun an ciorrú a laghdú. In 2023, b'éigean beagnach an deichiú cuid den chumhacht ghaoithe agus den ghrianchumhacht a chiorrú mar gheall ar shrianta acmhainneachta, agus tá ag géarú ar an treocht sin le blianta beaga anuas. Coinníonn sé sin praghsanna ard agus cuireann sé moill ar an aistriú i dtreo foinsí fuinnimh glana. An méadú atá le teacht ar chur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar leictreachas mar gheall ar chórais téimh agus iompair a bheith á leictriú feadh an ama, agus an méadú atá ag teacht ar líon na lárionad sonraí, sin trí ní a chuirfidh brú breise ar an gcóras leictreachais. I bhfianaise an mhéid sin, is ríléir go bhfuil gá le bonneagar a thógáil chun lárionaid a bhfuil méadú ag teacht orthu ó thaobh éilimh de a nascadh leis an soláthar giniúna fuinnimh in-athnuaite agus chun an bonneagar líonra atá ann cheana féin a thabhairt cothrom le dáta ar mhaithe le cur lena acmhainneacht. Tá gné ghaolmhar ann a bhaineann le freagairt ar an éileamh, bearta um chumasú tomhaltóirí san áireamh, cuir i gcás a áirithiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí príobháideacha ar mhargaí lena ngabhann praghsanna dinimiciúla, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhealach tábhachtach chun solúbthacht a sholáthar sa chóras fuinnimh.

(29) Maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann, is foinse nach beag atá san earnáil chónaithe, earnáil a ghin 9,7 % d'astaíochtaí intíre in 2023, agus tá an stoc foirgneamh ar cheann de na stoic is déine san Aontas ó thaobh carbóin de. Ach dlús a chur le bearta éifeachtúlachta fuinnimh ar fud an stoic foirgneamh, chuideofaí le huasteorainneacha astaíochtaí earnálacha a chomhlíonadh agus slándáil fuinnimh na hÉireann a neartú. Iarfheistiú domhain a dhéanamh ar fhoirgnimh agus leathadh amach teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle a leathnú, an téamh ceantair san áireamh, sin dhá ní a laghdódh an neamhchosaint ar luaineacht praghsanna fuinnimh agus a thacódh leis an iomaíochas agus leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil ag an am céanna.

(30) Dúshlán mór atá le sárú ag Éirinn is ea cothromaíocht a bhaint amach maidir leis an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar fhuinneamh mar gheall ar an bhfás eacnamaíoch, leathnú an bhonneagair dhigitigh san áireamh. D’ainneoin dul chun cinn suntasach maidir le tomhaltas fuinnimh na timpeallachta tógtha a laghdú, tháinig méadú 0,7 % ar an tomhaltas fuinnimh deiridh in 2023. Is éard is cúis leis sin, thar aon rud eile, foirgnimh a bhaineann leis an earnáil seirbhísí a bheith ag fritháireamh na ngnóthachan éifeachtúlachta a baineadh amach de bharr infheistíochtaí chun cur le héifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh poiblí agus foirgneamh príobháideach eile. Is foirgnimh a bhaineann leis an earnáil seirbhísí is cúis le thart ar leath an éilimh iomláin ar leictreachas, agus is iad na lárionaid sonraí a bhí freagrach as 21 % den éileamh ar leictreachas méadraithe in Éirinn in 2023. Chun spriocanna aeráide a bhaint amach, ní mór a oiread fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus nach bhféadfar monaplú a dhéanamh ar an acmhainneachta fuinnimh in-athnuaite atá ar fáil, agus tá gá le bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh, bonneagar iomchuí agus solúbthacht a mhéadú.

(31) Chun soghluaisteacht inbhuanaithe a bhaint amach, caithfidh cur chuige comhtháite a bheith ann trína dtabharfar faoi leathnú na ngréasán iompair inbhuanaithe agus faoi fhorbairt bonneagair luchtaithe éifeachtúil le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha, chun a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom orthu ar fud na réigiún agus chun iomaíochas eacnamaíoch fadtéarmach a chothú. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an mbonneagar iompair phoiblí, an t- iarnród leictrithe a leathnú cuir i gcás, ar mhaithe leis an dícharbónú agus leis an éifeachtúlacht eacnamaíoch. Ach an gréasán iompair a bheith níos comhtháite, d’fhéadfaí brú tráchta uirbeach a mhaolú, borradh a chur faoi shoghluaisteacht an lucht saothair agus tacú le fás uirbeach inbhuanaithe. Ina theannta sin, chun go mbeidh forbairt eacnamaíoch chuimsitheach ann, tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an nascacht idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha,, sa chaoi go n- áiritheofar go mbainfidh gach réigiún tairbhe as an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Ós rud é go bhfuil an cóimheas idir pointí athluchtaithe agus feithiclí in Éirinn i bhfad faoi bhun mheán an Aontais – is é sin pointe athluchtaithe amháin in aghaidh gach 21 fheithicil, le hais pointe athluchtaithe amháin in aghaidh gach 7 bhfeithicil – tá éagothromaíochtaí réigiúnacha, go háirithe i gceantair thuaithe, fós ag cur bac ar ghlacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha.

(32) Chun dul i ngleic leis na heasnaimh leanúnacha i gcórais soláthair agus cóireála fuíolluisce, go háirithe i gceantair uirbeacha, ní mór an infheistíocht a mhéadú. Tá an baol ann go mbainfidh na bearnaí sin an bonn de chomhlíonadh comhshaoil agus go bhfágfaidh siad gur lú forbairt inbhuanaithe trasearnála a bheifear in acmhainn a dhéanamh, forbairt ó thaobh earnáil na tithíochta agus earnálacha atá spleách ar uisce san áireamh. Tá rátaí arda sceite ann – 37 % in 2023 – atá fós i bhfad os cionn mheán an Aontais, is é sin 25 %, agus níor mhiste an fheidhmíocht a fheabhsú i gcás roinnt príomhghléasraí cóireála fuíolluisce. D'ainneoin iarrachtaí ar chumhdach a leathnú agus sceitheadh fuíolluisce neamhchóireáilte a laghdú, tá an dul chun cinn maidir le cáilíocht uisce agus cuspóirí comhshaoil fós á choinneáil siar de bharr go bhfuil an bonneagar ag éirí sean, agus de bharr acmhainneacht theoranta chóireála. Mar gheall ar an athrú aeráide, bíonn Éire thíos le teagmhais adhaimsire níos minice ná mar a bhíodh, tuilte, triomaigh agus stoirmeacha mar shampla, agus d'fhéadfadh sin brú a chur ar líonraí soláthair uisce agus damáiste a dhéanamh don bhonneagar. Na pleananna oiriúnaithe earnálacha a forbraíodh faoin gcreat náisiúnta oiriúnúcháin, más pleananna earnálacha féin iad, tá sé tábhachtach iad a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach comhordaithe. Le blianta beaga anuas tá plé á dhéanamh maidir le sásra praghsála uisce a thabhairt isteach, ach níl dul chun cinn déanta maidir leis an gcur chun feidhme go fóill. Dá dtabharfaí isteach sásra praghsála uisce a léireodh an costas a bhaineann le húsáid uisce ar bhealach níos fearr, d'fhéadfaí creat cobhsaí trédhearcach a chothú le haghaidh infheistíocht fhadtéarmach agus pleanáil fhadtéarmach ó thaobh an bhonneagair uisce de, agus tomhaltas níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn in earnálacha éagsúla ag an am céanna.

(33) Chun go ndéanfaidh Éire dul chun cinn i dtaca le hord na réiteach dramhaíola, go gcothóidh sí éifeachtúlacht acmhainní, agus go dtacóidh sí leis an dícharbónú, leis an iomaíochas agus leis an tslándáil eacnamaíoch fhadtéarmach, caithfear infheistíocht fheabhsaithe a dhéanamh i dtionscnaimh a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, ardbhonneagar cóireála dramhaíola san áireamh. Tá Éire fós faoi bhun thagarmharcanna an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach. Ba é 41 % an ráta athchúrsála dramhaíola cathrach a bhí ann in 2020, agus ba é 2,3 % an ráta úsáide ábhair chiorclaigh a bhí ann in 2023, dhá ráta atá go mór faoi bhun mheán an Aontais. Tá an baol ann nach mbainfidh Éire amach sprioc dramhaíola cathrach 2025. Maidir le cuspóirí comhshaoil a bhaint amach, tugtar le fios sna meastacháin go bhfuil gá le EUR 749 milliún in aghaidh na bliana chun tabhairt faoi infheistíochtaí sa gheilleagar ciorclach. Tríd an spleáchas ar amhábhair allmhairithe a laghdú agus tríd an luach a eascraíonn as sruthanna dramhaíola intíre a mhéadú, cuireann an geilleagar ciorclach le slándáil eacnamaíoch fhadtéarmach na hÉireann, agus fágann sin go mbíonn a geilleagar níos inbhuanaithe agus níos athléimní i leith suaite sa slabhra soláthair domhanda agus luaineacht praghsanna.

(34) Tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine i gcóiríocht éigeandála le trí bliana anuas, breis agus 15 000 duine, an líon is mó daoine riamh. Na scéimeanna um easpa dídine a chosc atá ann faoi láthair, cé go raibh siad éifeachtach, níor leor iad chun deireadh a chur leis an méadú sin, mar gheall ar scála na faidhbe. Ina theannta sin, tá 59 000 teaghlach ar liostaí feithimh le haghaidh tithíocht shóisialta agus 84 000 teaghlach eile ar scéimeanna forlíonta cíosa eile. D'éirigh leis na criosanna brú cíosa an boilsciú ar phraghsanna cíosa a laghdú, ach is dócha gur chuir siad le moilliú na hinfheistíochta príobháidí i stoc cíosa. Tá méadú ag teacht ar thógáil na tithíochta inacmhainne agus sóisialta ach tá sé fós chun deiridh ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus ar na spriocanna a leagtar síos i bplean na hÉireann do na blianta 2021-2030 dar teideal ' Tithíocht do chách'. Déanann sé sin difear d'iomaíochas na hÉireann toisc go gcuireann sé brú ar phá agus go gcuireann sé teorainn le cumas gnólachtaí, go háirithe FBManna, oibrithe oilte a mhealladh. Bíonn deacrachtaí ag an earnáil phoiblí a dóthain lucht saothair a choinneáil i gcás earnálacha áirithe, an t- oideachas, seirbhísí cúraim sláinte agus an earnáil tógála mar shampla. Léiríonn sé sin an gá atá le gníomhaíocht leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar shrianta acmhainneachta in earnáil na tógála cónaithe. Ar na srianta sin tá easpa bonneagair chumasúcháin, uisce agus seirbhísí poiblí mar shampla, gan dóthain talún a bheith ar fáil, éiginnteachtaí pleanála, roghanna maoiniúcháin neamhleora, easpa oibrithe tógála agus glacadh mall modhanna tógála nua-aimseartha.

(35) Tá margadh saothair na hÉireann fós láidir agus baineann rátaí ísle dífhostaíochta leis, ach is dúshlán fós é fás cuimsitheach a bhaint amach a rachaidh chun tairbhe do gach grúpa. Rinneadh iarrachtaí chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta agus le bacainní ar fhostaíocht; Tá na rátaí fostaíochta fós faoi bhun mheán an Aontais, áfach, i measc grúpaí ar gnách leo a bheith faoi ghannionadaíocht, daoine faoi mhíchumas agus tuismitheoirí aonair cuir i gcás. Dá bhrí sin, tá an riosca bochtaineachta atá ag baint leo i bhfad níos airde ná mar atá an ráta a bhaineann le grúpaí eile. An tráth céanna, tá ganntanais agus neamhréireanna scileanna fós le sonrú in earnálacha ríthábhachtacha, agus is ríléir dá bharr go bhfuil gá le níos mó obair for-rochtana a dhíriú ar ghrúpaí neamhghníomhacha agus le hinfheistíocht a dhéanamh i scileanna daoine chun cuimsiú sóisialta níos fearr a chur chun cinn, chun cabhrú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair.

(36) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hÉireann, cuidíonn moltaí (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (4), (5) agus (6) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh Éire in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. A áirithiú go n- urramóidh an glanchaiteachas an chonair a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. Na rioscaí a bhaineann leis an leibhéal ard comhchruinnithe in ioncam cánach na hÉireann a laghdú, tríd an mbonn cánach a leathnú agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme agus ar thionchar na gcaiteachas cánach, i measc rudaí eile. Aghaidh a thabhairt ar an méadú ar chaiteachas a bhaineann le haois tríd an gcóras cúraim sláinte a dhéanamh níos costéifeachtúla.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó trí infheistíocht phoiblí T&F a mhéadú agus trí thacú leis an méadú ar infheistíocht T&F gnó - trí ionstraimí cistiúcháin níos dírí, cuir i gcás - chun táirgiúlacht gnólachtaí intíre a fheabhsú, go háirithe i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur le cur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, tríd an gcreat pleanála agus ceadaithe a chuíchóiriú, i measc rudaí eile. Iarrachtaí níos láidre a dhéanamh feabhas a chur ar sholúbthacht na heangaí leictreachais, agus an acmhainneacht a nuachóiriú agus a leathnú chun an ciorrú a laghdú. Straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun freagairt ar an éileamh a chur chun cinn. Bearta breise a chur chun feidhme a thacóidh le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phríobháideacha agus i bhfoirgnimh phoiblí chun billí fuinnimh agus costais an chórais fuinnimh a laghdú. A áirithiú go mbeidh ceangal ann idir nasc na n- úsáideoirí móra fuinnimh leis an eangach leictreachais, ar thaobh amháin, agus acmhainneacht bhreise in-athnuaite agus solúbthacht bhreise sa chóras, ar an lámh eile. Tacú le hinfheistíocht in iompar inbhuanaithe agus iompar inbhuanaithe a neartú, iompar poiblí san áireamh, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha a chur san áireamh agus an méid sin á dhéanamh. Dlús a chur le suiteáil pointí athluchtaithe poiblí le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha.

5. Tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa bhonneagar uisce chun feabhas a chur ar an gcáilíocht uisce agus chun sceitheadh a laghdú. Dlús a chur le hinfheistíochtaí chun borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach. An bonneagar cóireála dramhaíola a bhaineann le céimeanna arda ord na réiteach dramhaíola a fhorbairt a thuilleadh, sin agus ionstraimí eacnamaíocha chun dramhaíl a chosc agus chun cur leis an méid ábhair a athúsáidtear, a athmhonaraítear agus a athchúrsáiltear.

6. An soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú. Dul i ngleic le srianta acmhainne in earnáil na tógála cónaithe trí fheabhas a chur ar bhonneagar cumasúcháin, ar bhainistiú agus pleanáil talún, ar choinníollacha maoinithe, ar sholáthar saothair agus ar an táirgiúlacht. An margadh saothair agus cuimsiú sóisialta grúpaí faoi mhíbhuntáiste a neartú, go háirithe daoine faoi mhíchumas agus tuismitheoirí aonair, trí fhor-rochtain agus uas-sciliú spriocdhírithe níos fearr a chur i bhfeidhm.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*an tUachtarán*